

Mar Eolas do Dhaoine a fhaigheann Pinsean a íoctar trí Phárolla Foireann Scoile arna fheidhmiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

(Is nóta ginearálta eolais an méid seo a leanas agus ní mhaítear gur léirmhíniú beacht é ar na hathruithe sainiúla dá dtagraítear).

Méadú Pinsin le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2019 ar phinsin áirithe baill foirne scoile atá ar scor.

Tá méadú faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar chatagóirí áirithe pinsin le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2019. Is léiriú é an méadú pinsin ar mhéadú 1.75% ar phá seirbhíse poiblí a tugadh ón dáta sin do phearsanra atá ag feidhmiú faoi láthair.

Nóta: Go ginearálta, is le buntuarastal amháin a bhain an méadú pá 1.75% agus níor coigeartaíodh liúntais inphinsin. Dá réir sin, níl aon athrú ar liúntais inphinsin.

Eiseofar an méadú pinsin ar 5 Meán Fómhair 2019 le baill áirithe foirne scoile atá ar scor (lena n-áirítear múinteoirí áirithe, CRSanna, Rúnaithe Scoile agus Feighlithe Scoile) a n-íoctar a bpinsin tríd an bPárolla Foireann Scoile arna fheidhmiú ag an Roinn. Maidir le bunús na ndaoine atá i dteideal an mhéadaithe, cuimseofar é san íocaíocht choicisiúil pinsin a eisítear ar an dáta sin.

Tá an méadú pinsin á fhaomhadh faoin mbeartas méadú pinsin na seirbhíse poiblí ar ghlac an Rialtas leis i leith na tréimhse go deireadh 2020, mar atá leagtha amach i bparagraf 6.2 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 (PSSA) agus ar ritheadh reachtaíocht ina leith faoin Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017.

Go bunúsach, is é atá i gceist leis an mbeartas méadú pinsin, fillleadh ar an modh faoi theorainn ama (a chríochnaíonn ag deireadh 2020), faoi iallach coinníollacha, neamhreachtuil, pá-nasctha coigeartú pinsin a bhí i bhfeidhm go dtí tús na héigeandála airgeadais. Ciallaíonn sé, go ginearálta, maidir le méaduithe pá le linn 2018-2020:

- nach n-íocfar iad le **daoine atá ar scor ó roimh Mhárta 2012** ach amháin sa chás nach mó an leibhéal pá ar a bhfuil a bpinsean bunaithe ná leibhéal iarbhír pá baill foirne atá ag feidhmiú sa ghrád céanna agus atá ar an bpointe céanna páscála;
- go gcuirfeadh iad le pinsin **daoine a chuaigh ar scor ar nó roimh 1 Márta 2012** i mbunús gach cáis.

Chun críocha an mhéadaithe pinsin, tá dhá chatagóir leathana i gceist:

- **Catagóir 1:** Pinsin a bronnadh i leith scor **roimh Mhárta 2012**.
Bronnadh na pinsin seo bunaithe ar rátaí pá a bhí i bhfeidhm roimh laghdú rátaí pá faoi reachtaíocht na mBeart Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI). Bhí an laghdú pá i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2010 ach faoin "tréimhse chairde" a foráladh sa reachtaíocht FEMPI, ríomhadh sochair scoir státseirbhíseach a chuaigh ar scor a fhad le 29 Feabhra 2012, an dáta sin san áireamh, ar na rátaí roimh 1 Eanáir 2010. Rátaí ab airde.
- **Catagóir 2:** Pinsin a bronnadh i leith scor **ó Mhárta 2012 i leith**.
Bronnadh na pinsin seo bunaithe ar rátaí pá laghdaithe a bhí i bhfeidhm i leith pearsanra a bhí ag feidhmiú fós ó 1 Eanáir 2010.

Faoin méadú pinsin ceadaithe seo, ní mhéadaítear pinsin daoine a chuaigh ar scor roimh 1 Márta 2012 (Catagóir 1 thuas). Níl na pinsin seo incháilithe ar mhéadú óir tá an tuarastal a ghabhann leo níos airde ná an tuarastal comhfhreagrach a íoctar (le pearsanra atá ag feidhmiú fós) tráth an mhéadaithe ar 1 Meán

Fómhair 2019. (Go heisceachtúil, bheadh líon an-teoranta daoine a chuaigh ar scor roimh 1 Márta 2012 agus tuarastal uasráitithe bliantúil acu de thart ar €45,500 incháilithe ar choigeartú beag pinsin).

Tá mionsonraí faoin méadú a cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gclár na Roinne sin, ag an nasc seo a leanas:

<https://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2018/02.pdf>

Aonad na bPinsean
5 Meán Fómhair 2019